


**COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ**

**OFFALY COUNTY COUNCIL**



**SCÉIM TEANGA**

**2017 – 2020**

**LANGUAGE SCHEME**

**2017 – 2020**

## CLÁR ÁBHAR

- Caibidil 1 - Réamhrá agus Cúlra
- Caibidil 2 - Achoimre ar na Seirbhísí a sholáthraítear agus ar leibhéal inniúlachta i nGaeilge
- Caibidil 3 - Cuspóirí Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Uíbh Fhailí
- Caibidil 4 - An Scéim a Phoibliú, a Chur Chun Feidhme agus a Athbhreithniú

## CAIBIDIL 1 **Réamhrá agus Cúlra**

Tá feidhm ag an Scéim seo maidir le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus maidir le Ceantair Bhardasacha Bhiorra, Éadan Doire agus Thulach Mhór.

Aithníonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn sa teanga dá rogha. Dá bhrí sin, freastalófar orthu a mhéid is féidir agus iad ag déileáil linn, beag beann ar cé acu is fearr leo gnó a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla. Ceann amháin de phríomhchuspóirí na Scéime Teanga seo is ea a chinntiú go bhfuil caighdeán níos airde seirbhísí poiblí ar fáil trí Ghaeilge toisc gurb íse an teanga náisiúnta agus an chéad teanga oifigiúil sa tír.

Cuimsítear sa Scéim seo forbhreathnú gairid ar na seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus ar an leibhéal seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge, i mBéarla agus sa dá theanga cheana féin.

Tá seirbhísí áirithe ann a bhfuil gach custaiméir ina dteideal de réir na bhforálacha is infheidhme go díreach d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, i.e., freagra i nGaeilge a fháil ar chomhfhreagras a seoladh i nGaeilge, foilseacháin a bheith ar fáil i nGaeilge, etc.

Tugtar cosaint do na cearta sin san Acht thuasluaite agus ní luaitear iad an athuair sa Scéim seo. Is é aidhm na Scéime seo feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.

### **Dáta Tosach Feidhme na Scéime**

Dheimhnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim seo. Tiocfaidh sí i bhfeidhm le héifeacht ón 10 Aibreán 2017 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé acu is déanaí.

## **Forbhreathnú ar Chontae Uíbh Fhailí**

Tá achar 493,985 acra (199,981 heicteár) ann i gContae Uíbh Fhailí agus tá cónaí ar 78,003 dhuine sa chontae de réir an daonáirimh is déanaí (Daonáireamh 2016). Tá 19 gcomhalta thofa ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. Bunaíodh trí Cheantar Bhardasacha leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, ba iad sin: Ceantar Bardasach Bhiorra, Ceantar Bardasach Éadan Doire agus Ceantar Bardasach Thulach Mhór.

## **Straitéis Chorporáideach**

Tá an Straitéis Chorporáideach leagtha amach i b*Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2015 – 2019*.

## **Ráiteas Misin**

*“An áit is fearr is féidir chun Cónaí, Oibriú agus Infheistiú ann agus chun Cuairt a Thabhairt air a dhéanamh de Chontae Uíbh Fhailí”*

## **Croíluachanna**

Tá ár gcroíluachanna bunaithe ar phrionsabail an dea-rialtais áitiúil agus tá siad ag croílár dár ngníomhaíochtaí uile. Tá siad mar bhonn leis an sainordú atá againn ceannaireacht agus seirbhís chost-éifeachtach éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí. Tá na croíluachanna seo a leanas ábhartha maidir le hobair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí chun an Ghaeilge a chur chun cinn:

- **Daoine** Is iad daoine a sholáthraíonn ár seirbhísí ar son daoine, agus tá meas ar dhaoine, ar dhaoine aonair agus ar phobail ina chuid dhílis d’obair Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.
- **Daonlathas** Tacaímid le cinnteoireacht eolach ag ár n-ionadaithe tofa agus spreagaimid rannpháirteachas agus rannpháirtíocht sa phróiseas daonlathach.
- **Ionracas** Cuirfimid ár gcuid oibre i gcrích ar bhealach macánta ionraic, agus an dea-cháil atá ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí á cosaint againn, agus déanfaimid cinntí chun leas an phobail.
- **Cáilíocht** Soláthróimid seirbhísí de réir an chaighdeáin is airde is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.
- **Comhpháirtíocht** Oibreoidimid i bhfíor-chomhpháirt chun dea-thorthaí a bhaint amach do Chontae Uíbh Fhailí.

## **Príomhghníomhaíochtaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí**

Feidhmíonn an Chomhairle faoi ocht gcinn de rannóga seirbhíse, is iad sin:-

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Bóithre, Iompar & Sábháilteacht
- Seirbhísí Uisce
- Bainistíocht Forbartha, Forbairt Gheilleagrach agus Pobal
- Seirbhísí Comhshaoil
- Áineas agus Taitneamhacht
- Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas
- Seirbhísí Ilghnéitheacha

## **Príomhphointí Teagmhála le Custaiméirí**

Is iad na príomhphointí seirbhíse do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ná Áras an Chontae i dTulach Mhór agus na hOifigí Ceantair Bhardasaigh i mBiorra, in Éadan Doire agus i dTulach Mhór. Tá líonra leabharlann ann ar fud an Chontae freisin a mbíonn teagmháil shuntasach acu le custaiméirí.

Idirghníomhaíonn an Chomhairle le raon leathan Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Comhpháirtithe Sóisialta, Eagraíochtaí Forbartha Áitiúla, Grúpaí Gnó agus Pobail, agus Cumainn Chónaitheoirí, etc. Baineann an Chomhairle úsáid fhairsing mhéadaitheach as an Idirlíon agus as na meáin shóisialta agus í ag déileáil le custaiméirí. Beidh siad sin ina meán tábhachtach maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn amach anseo i gContae Uíbh Fhailí.

## CAIBIDIL 2

### **Achoimre ar na Seirbhísí a sholáthraíonn Rannóga na Comhairle agus ar leibhéil inniúlachta i nGaeilge**

#### **Réamhrá**

Leagtar amach sa Chaibidil seo an scéal maidir le soláthar seirbhísí ag rannóga aonair laistigh de Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus maidir leis an inniúlacht atá ag na rannóga sin i nGaeilge.

Is gá dár rannóga íosleibhéal inniúlachta a bheith acu chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. San am i láthair, níl aon rannóg sa Chomhairle in ann a seirbhísí a sholáthar go hiomlán trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon, áfach.

#### **Tionscnaimh atá ar siúl i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi láthair**

- Scaiptear an Fógra Cruinnithe ar ár gcomhaltáí tofa i nGaeilge agus i mBéarla.
- Tá oiliúint i nGaeilge labhartha á cur ar fáil.
- Tá tiomantas láidir ann chun tacú leis an nGaeilge inár seirbhís Leabharlainne.
- Reáchtáiltear scéalaíocht agus sleachta filíochta Gaeilge inár leabharlanna áitiúla gach bliain chun tacú le Seachtain na Gaeilge. Tacaíonn an Rannóg Ealaíon agus an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha le Seachtain na Gaeilge freisin.
- Tá gné dhátheangach ann dár bhFáiltithe Sibhialta agus dár searmanais bhronnta teastas.
- Is i bhformáid dhátheangach atá ár bpáipéarachas, lena n-áirítear páipéir litreacha, duillíní deamhéine, etc.
- Féachann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn.
- Tá ár gCairt Custaiméirí scríofa i nGaeilge agus i mBéarla araon.
- Leantar ar aghaidh le stoc leabhar Gaeilge a choimeád ar bun.
- Is i bhformáid dhátheangach atá roinnt dár bhfoirmeacha iarratais ar sheirbhísí.
- Glactar páirt i nDáil na nÓg ar bhonn náisiúnta, a chuireann a chuid gnó i gcrích trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

## CAIBIDIL 3

### **Gealltanais a thugtar faoi Scéim Gaeilge Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí**

Cuirfear foireann cur chun feidhme ar bun, rud a bheidh ionadach do limistéir feidhme na Comhairle. Ullmhóidh an fhoireann plean cur chun feidhme ansin, mar aon le sceideal na ngníomhartha a theastaíonn chun na gealltanais a thugtar sa Scéim a chomhlíonadh.

#### **1. Doiciméid Scríofa**

1. Faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo, is ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh gach ceann de na foirmeacha iarratais nua agus na bileoga gaolmhara arna dtáirgeadh ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. A luaithe a nuashonrófar iad, cuirfear foirmeacha iarratais agus bileoga gaolmhara atá ann cheana ar fáil go dátheangach. Leanfar ar aghaidh le doiciméid de chineál teicniúil a fhoilsiú i mBéarla amháin.
2. Faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo, beidh aon duine atá ag iarraidh Fógraí bliantúla Athnuachana ar Cheadúnas Madraí in ann na fógraí sin a fháil i nGaeilge agus i mBéarla.
3. Faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo, beidh beannú tosaigh agus ráitis deiridh i nGaeilge ar áireamh i ngach píosa comhfhreagrais.
4. Ó thosach feidhme na Scéime, is i bhformáid dhátheangach a bheidh gach preaseisiúint agus ráiteas ina bpléitear le cúrsaí Gaeilge a sheolfar chuig na meáin.

#### **2. Teicneolaíocht Faisnéise**

1. Ó thosach feidhme na Scéime seo, cuirfear séanadh ríomhphoist dátheangach isteach ag deireadh gach ríomhphoist.
2. Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí freagrach as an suíomh Gréasáin [www.offaly.ie](http://www.offaly.ie) a riar, rud ar a bhfuil faisnéis a bhaineann le Ceantair Bhardasacha Thulach Mhór, Bhiorra agus Éadan Doire. Faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo, beidh an t-ábhar statach ar fad ar na leathanaigh bhaile sin den suíomh Gréasáin ar fáil i bhformáid dhátheangach.
3. Beidh leathanaigh eile den suíomh Gréasáin, an rannán Comhairliúcháin agus Aiseolais ina measc, ar fáil i bhformáid dhátheangach faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo freisin.
4. Má tharlaíonn sé go dtabharfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí aon suíomh Gréasáin nua isteach le linn thréimhse na Scéime, tá sé comhaontaithe go mbeidh codanna den suíomh sin ar fáil i bhformáid dhátheangach.
5. Amhail i gcás fhormhór na n-údarás áitiúil eile, is í an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil a sholáthraíonn formhór na gcóras i gComhairle Chontae Uíbh Fhailí.

Iarrfaimid ar an nGníomhaireacht córais nua a chur ar fáil lena bhféadtar freastal ar an nGaeilge. Ina theannta sin, iarrfaidh an Chomhairle ar an nGníomhaireacht a chinntiú gurb amhlaidh, i gcás go mbeartaítear uasghráduithe a dhéanamh ar aon chóras ríomhaire atá ann cheana, go mbeidh an córas athbhreithnithe in ann freastal ar an nGaeilge.

6. Uasghrádófar seirbhísí idirghníomhacha atá ann cheana a luaithe a bheidh acmhainní ar fáil agus a mhaolóidh brúnna eile oibre. Déanfar seirbhís idirghníomhach amháin ar a laghad, i.e., an leathanach “Déan Teagmháil Linn”, a uasghrádú chun bheith dátheangach faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo.
7. Bunófar rannán Gaeilge ar an Inlíon mar thaca agus acmhainn don fhoireann. Déanfar iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann foclóirí leictreonacha Gaeilge a úsáid laistigh den eagraíocht.

### 3. Cumarsáid

1. Is i nGaeilge a bheidh na ceantásca agus na buntásca uile ar ár bpíosaí fógraíochta.
2. Tá an fáiltiú ar an gcéad pointe teagmhála leis an bpobal. Ar aon dul leis an ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a thairgeann Comhairle Chontae Uíbh Fhailí don phobal, comhlíonfar na gealltanais seo a leanas bliain amháin tar éis thosach feidhme na Scéime seo:
  - a. Is i nGaeilge a bheannóidh baill foirne fáiltithe agus lasc-chláir do chustaiméirí ar an bhfón, agus ainm Gaeilge na heagraíochta á thabhairt acu ag an am céanna.
  - b. Beidh na beannachtaí bunúsacha Gaeilge ar eolas ag baill foirne fáiltithe agus lasc-chláir.
3. I gcás comhaltaí tofa ar mian leo an Ghaeilge a labhairt le linn Cruinnithe Comhairle, tabharfar spreagadh dóibh déanamh amhlaidh.
4. Faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo, beidh píosa Gaeilge ar áireamh sa bheannú agus san aitheasc oscailte ag gach imeacht poiblí agus ag gach oscailt oifigiúil de chuid na Comhairle. I gcás aon duine ar mian leo an Ghaeilge a labhairt ag imeachtaí nó ag cruinnithe poiblí den sórt sin, éascófar iad déanamh amhlaidh.
5. Beidh píosa Gaeilge ar áireamh san aitheasc oscailte ag gach cruinniú amach anseo de chuid Chomhairle na nÓg.
6. Beidh aitheasc fáilteach i nGaeilge agus i mBéarla ar áireamh i ngach searmanas dámhachtana i leith cláir don ógra a eagróidh an Chomhairle amach anseo.
7. Déanfaimid iniúchadh ar an bhféidearthacht atá ann Oifigeach Gaeilge a earcú chuig Comhairle Chontae Uíbh Fhailí.
8. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hobair a dhéanamh le baill foirne atá inniúil i



nGaeilge agus iarrfaidh sí orthu seirbhísí a sholáthar i nGaeilge ar fud raon seirbhísí éagsúla. Le toiliú uathu, sainaitheofar na baill foirne sin dár gcustaiméirí ar an suíomh Gréasáin.

#### 4. Oiliúint agus Forbairt

- Faoi réir na hacmhainní riachtanacha a bheith ar fáil, tabharfar spreagadh do bhaill foirne na Comhairle agus do chomhaltaí tofa feabhas a chur ar a scileanna i nGaeilge agus tairgfear oiliúint dóibh chun é sin a dhéanamh, rud a mhéadóidh úsáid na Gaeilge ar fud na heagraíochta.
- Cuirfear feacht ar an nGaeilge ar áireamh mar chuid den oiliúint Ionduchtaithe agus den oiliúint Seirbhíse do Chustaiméirí araon.
- Faoi réir na n-acmhainní riachtanacha a bheith ar fáil, déanfaidh an Chomhairle iarracht tacú le feabhas a chur ar scileanna i nGaeilge labhartha, i gcomhar le Gaelchultúr. Faoi réir na n-acmhainní riachtanacha a bheith ar fáil, eagrófar teagasc áitiúil le haghaidh oifigigh agus/nó baill foirne ar mian leo feabhas a chur ar a scileanna i nGaeilge labhartha ag imeachtaí poiblí. Úsáidfear frásaí Gaeilge in *“Inside View”*, nuachtlitir foirne na Comhairle, agus táthar ag súil go gcuirfear baill foirne ar an eolas faoin dul chun cinn trí ailt rialta a fhoilsiú ar an ábhar, etc.

#### 5. Poist Shainithe Ghaeilge

- Ag féachaint do bheartas an Rialtais maidir le soláthar feabhsaithe seirbhísí i nGaeilge, sainaitheoidh an Chomhairle, faoi dheireadh chéad bhliain na scéime, aon phoist dá bhfuil inniúlacht i nGaeilge ina riachtanas. Déanfar gach iarracht na riachtanais sin a chomhlíonadh faoi dheireadh thréimhse na scéime seo, ag féachaint, de réir mar is cuí, do bheartais earcaíochta, ardú céime agus oiliúna. Cuirfidh an méid sin ar chumas na Comhairle feabhsúchán leanúnach na seirbhísí i nGaeilge a phleanáil agus a chur in ord tosaíochta ar bhealach níos straitéisí.

#### 6. Logainmneacha

- Faoi réir an cistiú riachtanach a bheith ar fáil, cuirfear ainmchláir dhátheangacha in airde i roinnt teorainneacha Baile Fearainn chun feacht a ardú ar ainmneacha traidisiúnta na gceantar.
- Le linn di breithniú a dhéanamh ar thograí chun forbairtí a ainmniú, e.g., eastáit tithíochta, sráideanna, ionaid siopadóireachta, etc., cuirfidh an Chomhairle úsáid na Gaeilge, an chultúr Ghaelaigh agus na hoidhreachta Gaelaí chun cinn.
- Úsáidfí an Chomhairle an leagan Gaeilge oifigiúil de logainmneacha Gaeltachta le

haghaidh gnó oifigiúil, faoi mar atá ar fáil ar an suíomh Gréasáin [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

## **CAIBIDIL 4**

### **An Scéim a Phoibliú, a Chur Chun Feidhme agus a Athbhreithniú**

#### **An Scéim a Phoibliú**

Fógrófar an Scéim ar na bealaí seo a leanas:

- An Scéim a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin agus ar inlín na Comhairle
- Cóip den Scéim a scaipeadh ar ghníomhaireachtaí cuí, ar chomhlachtaí poiblí agus ar dhaoine aonair ar spéis leo an Scéim.

Cuirfear cóip den Scéim ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.


#### **An Scéim a Chur Chun Feidhme agus a Athbhreithniú**

Déanfaidh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar ghealltanais na Scéime. Cuirfear Foireann Bhainistíochta na Comhairle ar an eolas faoin dul chun cinn ina leith sin. Beidh sonraí ar fheidhmíocht sa bhliain le fáil inár dTuarascáil Bhliantúil freisin.

**Is ionann an leagan Béarla agus buntéacs na scéime seo.**

**COMHAIRLE CHONTAE UÍBH FHAILÍ**

**OFFALY COUNTY COUNCIL**



**SCEIM TEANGA**

**2017 – 2020**

**LANGUAGE SCHEME**

**2017 – 2020**

## CONTENTS

- Chapter 1 - Introduction & Background
- Chapter 2 - Summary of Services provided and levels of Irish language proficiency
- Chapter 3 - Objectives of the Offaly Local Authorities Irish Language Scheme
- Chapter 4 - Publicising, Implementing and Reviewing the Scheme

**CHAPTER 1**  
**Introduction and Background**

This Scheme applies to Offaly County Council and to the Municipal Districts of Birr, Edenderry and Tullamore.

Offaly County Council recognise that our customers have the right to choose to do business with us in their preferred language and they will be facilitated in their dealings with us as far as practicable, whether that is through Irish or through English. One of the main objectives of this Language Scheme is to ensure that higher standards of public services are available through the Irish Language as the national language and the first official language of the Country.

This Scheme includes a brief overview of the services provided by Offaly County Council and the level of services already available through Irish, English and bilingually.

There are certain services to which each customer is entitled to in accordance with the directly-applicable provisions of the Official Languages Act, 2003, i.e. response to correspondence in Irish through Irish, publications available in Irish, etc.

These rights are protected in the above mentioned Act, and are not repeated in this Scheme. The Scheme sets out to improve the delivery of services through Irish.

**Commencement Date of Scheme**

The Scheme has been confirmed by the Minister for Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs. It will commence with effect from 10th April 2017 and it shall remain in force for a period of three years from that date or until a new Scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Official Languages Act, whichever is the later.

## **Overview of Offaly**

County Offaly is 493,985 acres (199,981 hectares) in area and the population of the county according to the last census is 78,003 (2016 Census). Offaly County Council has 19 elected members. The Local Government Reform Act 2014 established three Municipal Districts, namely, the Municipal District of Birr, the Municipal District of Edenderry and the Municipal District of Tullamore.

## **Corporate Strategy**

The Corporate Strategy is set out in *Offaly County Council Corporate Plan 2015 – 2019*.

## **Mission Statement**

*“To make Offaly the best place possible to Live, Work, Visit & Invest”*

## **Core Values**

Our core values are derived from the principles of good local government and are at the heart of all our activities. They underpin our mandate to provide leadership and an efficient, cost effective service to our customers. The following core values are of relevance to the promotion of the Irish language by Offaly County Council:

- **People**                      Our services are delivered for people, by people,    respect for people, individuals and communities are at the heart of Offaly County Council.
  
- **Democracy**                      We support informed decision making by our elected representatives and encourage engagement and participation in the democratic process.
  
- **Integrity**                      We will carry out our work with honesty and integrity, protecting the good name of Offaly County Council and make decisions in the public interest.
  
- **Quality**                      We will deliver to the highest standard possible with the resources available.
  
- **Partnership**                      We will work in genuine partnership to deliver for Offaly.

### **Principal Activities of Offaly County Council**

The Council operates under eight service divisions:-

- Housing & Building
- Road, Transport & Safety
- Water Services
- Development Management, Economic Development & Community
- Environmental Services
- Recreation & Amenity
- Agriculture, Education, Health & Welfare
- Miscellaneous Services

### **Principal Points of Customer Contact**

The primary service points for Offaly County Council are in Áras an Chontae, Tullamore and in the Municipal District Offices at Birr, Edenderry and Tullamore. There is also a network of libraries around the County which have extensive customer contact.

The Council interacts with a wide range of Government Departments, State Agencies, Social Partners, Local Development Organisations, Business and Community Groups. Resident Associations, etc. Extensive and growing use is made of the Internet and social media in the Council's dealings with its customers. This will be an important medium in terms of our future promotion of the Irish Language in Offaly.



## CHAPTER 2

### **Summary of Services provided by Council Departments and levels of Irish language proficiency**

#### **Introduction**

This Chapter sets out the position in relation to service provision by individual departments within Offaly County Council and the level of Irish proficiency in each of these.

There is a minimum level of competence in our departments to transact business through Irish. Currently, no department of the Council is capable of delivering its service comprehensively through the medium of Irish and English.

#### **Initiatives presently in place in Offaly County Council**

- The Notice of Meeting is circulated to our elected members in Irish and English.
- Training in conversational Irish has been provided.
- There is a strong commitment to the support of the Irish language in our Library service.
- Seachtain na Gaeilge is also actively supported each year by Scéalaíocht and Irish poetry readings in our local libraries. Seachtain na Gaeilge is also supported by the Arts and Corporate Services Departments.
- There is a bilingual element to our Civil Receptions and citations.
- Our stationery, including notepaper, compliment slips, etc are bilingual.
- Offaly County Council seeks to promote the use of Irish Language.
- Our Customer Charter is displayed in both Irish and English.
- Irish Language book stock continues to be maintained.
- A number of our application forms for services are bilingual.
- Involvement in Dáil na nÓg nationally, which conducts its business through Irish and English.

## **CHAPTER 3**

### **Commitments made under the Offaly County Council's Irish Language Scheme**

An implementation team will be established which will be representative of the functional areas of the Council. An implementation plan will be developed by the team together with a schedule of the actions necessary to realise the commitments contained in the Scheme.

#### **1. Written Documentation**

1. By the end of this Scheme all new application forms and associated leaflets produced by the Offaly County Council will be available in both Irish and English. Existing application forms and associated leaflets will, when updated, be available bilingually. Documents of a technical nature will continue to be published in English only.
2. By the end of Scheme, any individual requesting annual Dog Licence Renewal Notices will be able to receive them in Irish and English.
3. By the end of this Scheme, all correspondence will contain an opening salutation and closing remarks in Irish.
4. From the commencement of the Scheme all future press releases and statements to the media, which relate to the Irish language will be bilingual.

#### **2. Information Technology**

1. From the commencement of this Scheme, a bilingual e-mail disclaimer will be inserted at the end of each email.
2. Offaly County Council has responsibility for the [www.offaly.ie](http://www.offaly.ie) website which contains information in relation to Tullamore, Birr and Edenderry Municipal Districts. By end of this Scheme all static content of these home pages of the website will be available bilingually.
3. Additional pages of the website, including the Consultation & Feedback section, will be available bilingually by the end of this Scheme.
4. In the event that any new website is introduced by the Offaly County Council during the course of the Scheme, it is agreed that the new site will be partly bilingual.
5. Offaly County Council, similar to most other local authorities, are dependent on the LGMA for the provision of many of its systems. We will request the LGMA to provide new systems that can cater for the Irish language. In addition, the Council will also request the LGMA to ensure that where upgrades are proposed for any existing computer system, that it will be ensured that the revised system will cater for the Irish language.

6. Existing interactive services will be upgraded as soon as resources and pressures on other work allow. At least one existing interactive service i.e. "Contact Us" page will be upgraded to bilingual status by the end of this Scheme.
7. An Irish Language section of the Intranet will be established as a support and resource for staff. The possibility of use of electronic Irish dictionaries within the organisation will be examined.

### **3. Communications**

1. All headers and footers on our advertising to be in Irish.
2. Reception is the first point of contact with the public. In keeping with the high standard of customer service offered to the public by Offaly County Council, the following commitments will be in place after one year from the commencement of this Scheme:
  - a. Reception and switchboard staff will greet our phone customers in Irish, also giving the name of the organisation in Irish.
  - b. They will be familiar with the basic greetings in Irish.
3. Elected members who wish to speak in Irish at Council Meetings will be encouraged to do so.
4. By the end of the Scheme, the greeting and opening address at all Council public events and official openings will contain an element of Irish. Anyone wishing to speak in Irish at such events or public meetings will be facilitated.
5. The opening address at all future Comhairle na nÓg Meetings will contain an element of Irish.
6. All future Council initiated youth programme award ceremonies will have a welcoming address in Irish and English.
7. We will investigate the possibility of the recruitment of an Irish Officer to Offaly County Council.
8. The Council will continue to work with, and seek agreement with staff competent in the Irish language to provide services in the Irish language across a range of services. With their consent, staff will be identified for our customers on our website.

### **4. Training and Development**

- Council staff and elected members, subject to the necessary resources being available, will be generally encouraged and offered training to improve their skills, leading to increased usage of Irish throughout the organisation.
- Irish language awareness will be included as part of both Induction and Customer Service training.
- The Council will seek to support the improvement of Irish language conversational skills in cooperation with Gaelchultúr, subject to the necessary resources being available. Local

tutoring of officials and/or members who wish to improve their conversational Irish speaking at public events will be facilitated subject to the necessary resources being available. Irish language phrases will be used in the Council's staff newsletter "*Inside View*" and it is anticipated that it will update staff on progress by way of regular articles etc.

## **5. Specified Irish Language Posts**

- Having regard to Government policy for enhanced provision of services in Irish, the Council will, by the end of year one of the scheme, identify any posts for which Irish language competency is an essential requirement. Every effort will be made to fulfil these requirements by the end of this scheme having regard to recruitment, promotion and training policies, as appropriate. This will enable the Council to plan and prioritise the incremental improvement of services in Irish in a more strategic manner.

## **6. Place names**

- Bilingual nameplates will be erected at a selection of Townland boundaries, to raise awareness of traditional names subject to the necessary funding being available.
- When considering proposals for naming developments, e.g. housing estates, streets, shopping centres, etc the Council will promote the use of the Irish language, culture and heritage.
- The Council will use the official Irish version of Gaeltacht placenames that are to be found on [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) for official business.

## **CHAPTER 4**

### **Publicising, Implementing and Reviewing the Scheme**

#### **Publicising the Scheme**

The Scheme will be advertised by means of:

- The Council's website and intranet
- Circulation to appropriate agencies, public bodies and individuals who express an interest in same.

A copy of the Scheme will be forwarded to the office of An Coimisinéir Teanga.

#### **Implementing and Reviewing the Scheme**

Offaly County Council will review progress of the Scheme's commitments annually. The Council's Management Team will be advised of progress and our Annual Report will also contain details of the year's performance.

**The English language version is the original text of this scheme.**